



FÓGRA COMÓRTAIS OSCAILTE

EPSO/AD/426/25 – Riarthóirí (AD 7) i réimse an bhainistithe sonraí agus an eolais ar shonraí

(C/2025/5881)

An sprioc-am le hiarratas a dhéanamh: an 16 Nollaig 2025 ar 12.00 (meán lae), am Lucsamburg

CLÁR

	<i>Leathanach</i>
1. FORÁLACHA GINEARÁLTA	2
2. DUALGAIS AN PHOIST	2
3. NA COINNÍOLLACHA INCHÁILITHEACHTA	2
3.1. Coinníollacha ginearálta	2
3.2. Coinníollacha sonracha – teangacha	2
3.3. Coinníollacha sonracha – oideachas agus taithí	2
4. CONAS A EAGRÓFAR AN COMÓRTAS?	3
4.1. Forléargas ar chéimeanna an chomórtais	3
4.2. Teangacha a úsáidtear sa chomórtas seo	3
4.3. Céimeanna an chomórtais	4
4.3.1. Iarratas	4
4.3.2. Tástáil	4
4.3.3. An triail a mharcáil agus an tseiceáil incháilitheachta a dhéanamh	5
4.3.4. An painéal a bhunú	6
5. COMHDHEISEANNA AGUS SOCRUITHE RÉASÚNTA	7
6. FAISNÉIS FAOI ÁIT FOSTAÍOCHTA TRÁTH NA hEARCAÍOCHTA I LUCSAMBURG AGUS FAOI AISTRITHE	7
IARSCRÍBHINN I. Rialacha ginearálta	8
IARSCRÍBHINN II. Na príomhdhualgaís	15
IARSCRÍBHINN III. Samplaí d'íoscháilíochtaí	19

1. FORÁLACHA GINEARÁLTA

- (a) Tá an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) ag eagrú comórtas oscailte ar bhonn cáilíochtaí agus trialacha chun painéal a thiomús as a bhféadfaidh Parlaimint na hEorpa, an Coimisiún Eorpach, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa baill nua den tseirbhís shibhialta a earcú mar **'riarthóirí' (grád AD 7)**.
- (b) Is iad an fógra seo faoi chomórtas agus na hianscríbhinní a ghabhann leis, agus larscríbhinn I 'Rialacha Ginearálta' san áireamh, sin iad creat ceangailteach an chomórtais seo ó thaobh dlí de.
- (c) Féachann EPSO le teanga atá neodrach i dtaobh inscne agus ionchuimsitheach a úsáid. Ní mór aon tagairt do dhuine d'inscne áirithe a mheas mar thagairt do dhuine d'aon inscne eile chomh maith.
- (d) An líon iarrthóirí atá á lorg don phainéal: 238.

2. DUALGAIS AN PHOIST

Féach larscríbhinn II chun eolas a fháil faoi gnáthdhualgaís an phoist.

3. NA COINNÍOLLACHA INCHÁILITHEACHTA

Ní mór d'iarrthóirí gach ceann de na coinníollacha incháilitheachta ginearálta agus sonracha (féach Ranna 3.1 go 3.3) a chomhlíonadh ar an dáta deiridh le hiarratas a dhéanamh.

3.1. Coinníollacha ginearálta

Ní mór don iarrthóir:

1. a bheith ina náisiúnach de cheann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus cearta iomlána a bheith aige mar shaoránach;
2. aon oibleagáid dlí atá air i dtaca le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige; agus
3. na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun dualgaís an phoist a dhéanamh.

3.2. Coinníollacha sonracha – teangacha

Ní mór don iarrthóir eolas a bheith aige ar dhá theanga ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, mar atá leagtha síos i Roinn 4.2.

3.3. Coinníollacha sonracha – oideachas agus taithí

- (a) Tá samplaí d'íoscháilíochtaí in larscríbhinn III.
- (b) Chun bheith incháilithe, ní mór don iarrthóir na ceanglais atá liostaithe i gceann de na pointí seo a leanas a chomhlíonadh:
 - (i) Cúrsa iomlán ollscoile a mhair **3 bliana** ar a laghad a bheith críochnaithe aige, ar baineadh dioplóma amach dá bharr i gceann de na réimsí atá liostaithe i bpointe 3.3(c), agus **6 bliana** ar a laghad de thaithí oibre ábhartha a fuarthas tar éis an chinnidh deiridh lenar bronnadh an dioplóma sin.
 - (ii) Cúrsa iomlán ollscoile a mhair **4 bliana** ar a laghad a bheith críochnaithe aige, ar baineadh dioplóma amach dá bharr i gceann de na réimsí atá liostaithe i bpointe 3.3(c), agus **5 bliana** ar a laghad de thaithí oibre ábhartha a fuarthas tar éis an chinnidh deiridh lenar bronnadh an dioplóma sin.

Measfar an ceanglas oideachais dá dtagraítear sa phointe seo a bheith comhlíonta freisin i gcásanna ina mbeidh ardchéim ag an iarrthóir (máistreacht, PhD, nó a comhionann ⁽¹⁾) i gceann de na réimsí atá liostaithe i bpointe 3.3(c), gan beann ar an réimse ina raibh an staidéar a chuir an t-iarrthóir i gcrích roimhe.
 - (iii) Cúrsa iomlán ollscoile a mhair **3 bliana** ar a laghad a bheith críochnaithe aige, ar baineadh dioplóma amach dá bharr i réimse **seachas** na réimsí atá liostaithe i bpointe 3.3(c), agus **7 mbliana** ar a laghad de thaithí oibre ábhartha a fuarthas tar éis an chinnidh deiridh lenar bronnadh an dioplóma sin.
- (c) Cuirfear an dioplóma dá dtagraítear i bpointí 3.3(b)(i) agus (ii) san áireamh má fuarthas é i gceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas:
 - (i) Intleacht shaorga (IS), meaisínfhoghlaím, eolaíocht sonraí, anailísíocht sonraí, innealtóireacht sonraí;
 - (ii) Bainistiú sonraí, rialachas sonraí, bainistiú faisnéise, bainistiú eolais;

⁽¹⁾ Atá aitheanta mar sin ag údarás inniúil Ballstáit.

- (iii) Eacnamaíocht, eacnaiméadracht, airgeadas, cuntaíocht, eolaíocht achtúireach, bainistíocht ghnó, anailísíocht ghnó, faisnéis ghnó;
 - (iv) Innealtóireacht (speisialú sonraí nó TF), innealtóireacht ríomhaireachta, ríomheolaíocht, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, faisnéisíocht, eolaíocht faisnéise, córais faisnéise;
 - (v) Dlí, staidéir Eorpacha, caidreamh idirnáisiúnta, eolaíocht pholaitiúil, riarachán poiblí;
 - (vi) Matamaitic, staidreamh.
- (d) Measfar an taithí oibre dá dtagraítear i bpointí 3.3(b)(i), (ii) agus (iii) a bheith ábhartha má fhreagraíonn sí do cheann amháin nó níos mó de na catagóirí dualgas atá leagtha amach in Iarscríbhinn II.

4. CONAS A EAGRÓFAR AN COMÓRTAS?

4.1. Forléargas ar chéimeanna an chomórtais

Eagrófar an comórtas seo sna céimeanna seo a leanas:

- iarratas (féach Roinn 4.3.1),
- trialacha: trialacha réasúnaíochta, triail ceisteanna ilrogha a bhaineann le réimse an chomórtais ('trial ceisteanna ilrogha réimse-shonrach') agus aiste shaorthéacs ar chúrsaí an Aontais Eorpaigh ('EUFTE') (féach Roinn 4.3.2.),
- an triail a mharcáil agus an tseiceáil incháilitheachta a dhéanamh (féach Roinn 4.3.3),
- an painéal a bhunú (féach Roinn 4.3.4).

4.2. Teangacha a úsáidtear sa chomórtas seo

- (a) Sonraítear sna Rialacháin Foirne ^(?) nach bhféadfadh oifigeach a cheapadh ach amháin ar choinníoll go gcuirfidh sé fianaise ar fáil go bhfuil sáreolas aige ar cheann de theangacha an Aontais agus eolas sásúil aige ar cheann eile de theangacha an Aontais a mhéid is gá lena chuid dualgas a chomhlíonadh.
- (b) Dá bhrí sin, ní mór d'iarrthóir sa chomórtas seo eolas cuimsitheach a bheith aige (leibhéal C1 ar a laghad) ar cheann amháin ar a laghad de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil a bheith aige (leibhéal B2 ar a laghad) ar theanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh. Ní mór na híosleibhéil a luaitear anseo a bheith ag an iarrthóir i dtaca le gach inniúlacht teanga (éisteacht, léamh, idirghníomhaíocht labhartha, léiriú labhartha, agus scríbhneoireacht) a iarrtar ar an bhfoirm iarratais. Tá na hinniúlachtaí sin leagtha amach sa Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha ^(?).
- (c) Ar mhaithe le tagairt dóibh a éascú, tabharfar 'teanga 1' agus 'teanga 2' ar na teangacha sin.
- (d) Is mar seo a leanas a úsáidfear na teangacha sna céimeanna éagsúla den chomórtas mar a shonraítear i dTábla 1.

Tábla 1

Céim an chomórtais	Trialacha	Teanga
Iarratas	—	Aon cheann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh
Tástáil	Trialacha réasúnaíochta	Teanga 1
	Triail ceisteanna ilrogha réimse-shonrach	Teanga 2
	EUFTE	Teanga 2

- (e) Beidh ar na hiarrthóirí a rogha teangacha le haghaidh na dtrialacha a lua ina bhfoirm iarratais.

^(?) Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA), lena leagtar síos Rialacháin Foirne na nOifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach eile de Chomhphobal Eacnamaíoch na hEorpa agus den Chomhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO 45, 14.6.1962, lch. 1385/62). Is féidir teacht ar théacs comhdhlúite (neamhoifigiúil) anseo: [http://data.europa.eu/eli/reg/1962/31\(1\)/2025-05-13](http://data.europa.eu/eli/reg/1962/31(1)/2025-05-13).

^(?) <https://eu-careers.europa.eu/ga/documents/common-european-framework-reference-languages>.

4.3. Céimeanna an chomórtais

4.3.1. Iarratas

- (a) Chun iarratas a dhéanamh ní mór cuntas iarrthóra a bheith ag iarrthóir.
- (b) **Ní mór d'iarrthóirí iarratas a dhéanamh ar líne ar shuíomh gréasáin EPSO ⁽⁴⁾ agus a n-iarratais a chur isteach faoin**

16 Nollaig 2025 ar 12.00 (meán lae), am Lucsamburg.

- (c) Is ionann foirm iarratais a chur isteach agus dearbhú ó na hiarrthóirí go gcomhlíonann siad na coinníollacha ar fad atá luaite faoi Roinn 3 'Na coinníollacha incháilitheachta'. Is faoi na hiarrthóirí atá sé féachaint chuige go mbeidh an t-iarratas líonta isteach agus curtha isteach faoin sprioc-am. Nuair a bheidh an spriocdháta le haghaidh iarratas istigh, ní bheidh iarrthóirí in ann aon athrú a dhéanamh ar a n-iarratas a thuilleadh.
- (d) **Faoin 16 Nollaig 2025 ar 12.00 (meán lae), am Lucsamburg**, ní mór d'iarrthóirí cóip scanta dá gcárta aitheantais nó dá bpas bailí a uaslódáil.
- (e) **Faoin 20 Márta 2026 ar 12.00 (meán lae), am Lucsamburg**, ní mór d'iarrthóirí cóipeanna scanta a uaslódáil de na doiciméid eile a thacaíonn leis na dearbhuithe a rinne siad ina bhfoirm iarratais.
- (f) Tá míniú ar conas na doiciméid a uaslódáil le fáil tríd an leathanach tiomnaithe don chomórtas ar shuíomh gréasáin EPSO.

4.3.2. Tástáil

- (a) Barúlacha ginearálta

- (i) Na hiarrthóirí uile a mbeidh a bhfoirm iarratais curtha isteach acu faoin sprioc-am atá luaite i bpointe 4.3.1(b), tabharfar cuireadh dóibh tabhairt faoi shraith trialacha a bhfuil sainmhíniú orthu thíos. Tabhairt do d'aire go bhféadfaidh sé nach ionann an t-ord ina n-eagrófar na trialacha agus an t-ord ina bhfuil siad liostaithe san fhógra seo.
- (ii) Is de chéin a reáchtálfar na trialacha agus déanfar feitheoireacht chianda orthu. Cuirfidh EPSO na hiarrthóirí ar an eolas faoi rialacha mionsonraithe na tástála ar a dhéanaí nuair a bheidh cuireadh á thabhairt dóibh na trialacha a dhéanamh.
- (iii) Mura ndéanfaidh iarrthóir ceann amháin nó níos mó de na trialacha nó mura gcríochnóidh sé ceann amháin nó níos mó acu, mar atá sonraithe san fhógra seo agus/nó sna teoracha a tugadh do na hiarrthóirí, tiocfaidh deireadh lena rannpháirtíocht sa chomórtas (féach Roinn 5 de na Rialacha Ginearálta).

- (b) Trialacha réasúnaíochta

- (i) Is trialacha ceisteanna ilrogha iad na trialacha réasúnaíochta lena ndéantar measúnú ar scileanna réasúnaíochta briathartha, uimhriúla agus teibí na n-iarrthóirí. Eagrófar iad mar a shonraítear i dTábla 2.

Tábla 2

Trialacha	Teanga	Líon na gceisteanna	Fad ama	Marcáil	Pasmharcanna
Triail réasúnaíochta briathartha	Teanga 1	20 ceist	35 nóiméad	0 go 20	10/20
Triail réasúnaíochta uimhriúla		10 ceist	20 nóiméad	0 go 10	Pasmharc comhshuimithe le haghaidh trialacha réasúnaíochta uimhriúla agus teibí: 10/20
Triail réasúnaíochta teibí		10 ceist	10 nóiméad	0 go 10	

- (ii) Chun dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den chomórtas (féach Roinn 4.3.3), ní mór d'iarrthóir na marcanna seo a leanas ar a laghad a ghnóthú:
- pasmharc 10/20 sa triail réasúnaíochta briathartha, **agus**
 - pasmharc comhshuimithe 10/20 sna trialacha réasúnaíochta uimhriúla agus teibí.

⁽⁴⁾ <https://eu-careers.europa.eu/ga/open-competition-permanent-staff>.

(c) Triail ceisteanna ilrogha réimse-shonrach

- (i) Eagrófar an triail ceisteanna ilrogha réimse-shonrach mar atá léirithe i dTábla 3.

Tábla 3

Triail	Teanga	Líon na gceisteanna	Fad ama	Marcáil	Pasmharc
Triail ceisteanna ilrogha réimse-shonrach	Teanga 2	30 ceist	40 nóiméad	0 go 30	15/30

- (ii) Chun dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den chomórtas (féach Roinn 4.3.3), ní mór d'iarrthóir:

- pasmharc 15/30 ar a laghad a ghnóthú, **agus**
- a bheith ar na hiarrthóirí is airde marcanna.

(d) EUFTE

- (i) Tá an EUFTE dírithe ar mheasúnú a dhéanamh ar scileanna cumarsáide scríofa an iarrthóra. Eagrófar í mar a shonraítear i dTábla 4.

Tábla 4

Triail	Teanga	Fad ama	Marcáil	Pasmharc
EUFTE	Teanga 2	40 nóiméad	0 go 10	5/10

- (ii) Beidh ar na hiarrthóirí freagra a thabhairt ar thasc nó ar thascanna na trialach bunaithe ar na doiciméid a bhaineann le cúrsaí an Aontais Eorpaigh. Cuirfear na doiciméid sin ar fáil ar shuíomh gréasáin EPSO roimh dháta na trialach. Gheobhaidh na hiarrthóirí na doiciméid chéanna le linn na trialach, mar aon leis an tasc nó na tascanna atá bunaithe ar na doiciméid sin.
- (iii) Ní triail teanga ná triail ar eolas fíorasach é EUFTE. Is ar na táscairí sonracha atá foilsithe ar shuíomh gréasáin EPSO a bheidh an measúnú bunaithe ⁽³⁾.

4.3.3. An triail a mharcáil agus an tseiceáil incháilitheachta a dhéanamh

(a) Barúlacha ginearálta

- (i) Úsáidfear na marcanna mar a shonraítear i dTábla 5.

Tábla 5

Triail	Conas a úsáidfear na marcanna trialach?
Trialacha réasúnaíochta briathartha, uimhriúla agus teibí	Marcálfar na trialacha chun a dhéanamh amach ar ghnóthaigh an t-iarrthóir na pasmharcanna is gá ar a laghad.
Triail ceisteanna ilrogha réimse-shonrach	Úsáidfear marcanna na n-iarrthóirí a ghnóthaigh an pasmharc is gá ar a laghad chun rangú a chruthú de réir fheidhmíocht na n-iarrthóirí.
EUFTE	Marcálfar an triail chun a dhéanamh amach ar ghnóthaigh an t-iarrthóir an pasmharc is gá ar a laghad.

- (ii) Na hiarrthóirí nach ndéanfaidh na trialacha uile nó nach gcríochnóidh na trialacha uile (féach Roinn 4.3.2 thuas agus Roinn 5 de na Rialacha Ginearálta), ní dhéanfar aon cheann dá bhfreagraí ar na trialacha agus/nó dá scrípteanna a phróiseáil agus ní dhéanfar seiceáil ar a n-incháilitheacht.

⁽³⁾ <https://eu-careers.europa.eu/ga/help/what-written-test>.

- (iii) Má theipeann ar iarrthóir an pasmharc nó na pasmharcanna is gá ar a laghad a ghnóthú i gceann amháin de na trialacha, tiocfaidh deireadh lena rannpháirtíocht sa chomórtas. Ní dhéanfar tuilleadh próiseála ar fhreagraí agus/nó ar scrípteanna trialach na n-iarrthóirí sin agus ní dhéanfar seiceáil incháilitheachta orthu, de réir mar is infheidhme.
 - (iv) Ní chuirfear torthaí na dtrialacha in iúl d'iarrthóirí ach ag deireadh an chomórtais (féach pointe 4.3.4(d)), gan beann ar an gcéim den chomórtas a bhain an t-iarrthóir amach.
- (b) Na trialacha réasúnaíochta agus an triail ceisteanna ilrogha réimse-shonrach a mharcáil
- (i) Déanfar na trialacha réasúnaíochta a mharcáil i dtosach. Ní dhéanfar é sin ach amháin i gcás iarrthóirí a rinne na trialacha riachtanacha go léir is gá (féach Roinn 4.3.2).
 - (ii) Na hiarrthóirí a ghnóthaigh na pasmharcanna is gá ar a laghad sna trialacha réasúnaíochta, déanfar a dtorthaí sa triail ceisteanna ilrogha réimse-shonrach a phróiseáil.
 - (iii) Na hiarrthóirí a ghnóthaigh an pasmharc is gá ar a laghad sa triail ceisteanna ilrogha réimse-shonrach, déanfar iad a rangú de réir ord íslitheach a marcanna. Úsáidfear an rangú sin chun a chinneadh cé na hiarrthóirí a ndéanfar a script Eufte a mharcáil agus a ndéanfar seiceáil incháilitheachta orthu (féach pointe 4.3.3(c)).
- (c) Na scrípteanna Eufte a mharcáil agus an tseiceáil incháilitheachta a dhéanamh
- (i) Marcálfar scrípteanna Eufte agus déanfar an tseiceáil incháilitheachta (déanfar an tseiceáil i gcomhréir le pointe (ii) thíos) ag an am céanna do líon teoranta iarrthóirí a thógfar in ord íslitheach an rangaithe dá dtagraítear i bpointe 4.3.3(b)(iii). **I bprionsabal**, ní bheidh an líon sin níos mó ná 1.5 oiread an lín iarrthóirí atá á lorg don phainéal. Mar sin féin, féadfaidh an Bord Roghnúcháin é a mhéadú i bhfianaise an lín iarrthóirí a bhfuil na marcanna céanna acu.
 - (ii) Is éard atá i gceist leis an tseiceáil incháilitheachta fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta atá leagtha amach i Roinn 3 'Na coinníollacha incháilitheachta'. Is é an Bord Roghnúcháin a dhéanfaidh an cinneadh faoi incháilitheacht iarrthóra trí chomparáid a dhéanamh idir (a) na dearbhuithe a rinneadh san fhoirm iarratais agus (b) na doiciméid a sholáthair na hiarrthóirí go cuí i gcomhréir le Roinn 2.4, pointí (1), (2) agus (3) de na Rialacha Ginearálta chun tacú leis na dearbhuithe sin.
 - (iii) Mura bhfuil iarrthóir i measc na n-iarrthóirí siúd a ghnóthaigh an marc is airde mar atá sainithe i bpointe (i) thuas, tiocfaidh deireadh lena rannpháirtíocht sa chomórtas. Ní dhéanfar próiseáil ar scrípteanna Eufte na n-iarrthóirí sin agus ní dhéanfar seiceáil incháilitheachta orthu.

4.3.4. An painéal a bhunú

- (a) Nuair a bheidh na nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointe 4.3.3(c) curtha i gcrích, cuirfidh an Bord Roghnúcháin leis an bpainéal ainmneacha na n-iarrthóirí (i) a ghnóthaigh gach pasmharc is gá ar a laghad chomh maith le ceann de na marcanna is airde sa triail ceisteanna ilrogha réimse-shonrach i measc na n-iarrthóirí dá dtagraítear i bpointe 4.3.3(c)(i); agus (ii) a measadh go raibh siad incháilithe. Déanfar é sin in ord íslitheach an rangaithe dá dtagraítear i bpointe 4.3.3(b)(iii) go dtí go sroichfear an líon iarrthóirí atá á lorg don phainéal nó go dtí nach mbeidh aon iarrthóir as measc na n-iarrthóirí a chomhlíonann na critéir atá luaite sa phointe seo fágtha.
- (b) Maidir leis an áit dheireanach ar an bpainéal, i gcás ina gcríochnóidh roinnt iarrthóirí cothrom le chéile don áit sin, cuirfear a n-ainmneacha ar fad leis an bpainéal.
- (c) Is in ord aibíte a liostálfar na hainmneacha ar an bpainéal. Cuirfear an painéal ar fáil do na seirbhísí earcaíochta.
- (d) Cuirfear torthaí na n-iarrthóirí in iúl do na hiarrthóirí (torthaí na dtrialacha agus torthaí na seiceála incháilitheachta) ach amháin murar próiseáladh a bhfreagraí trialach agus/nó a scrípteanna agus/nó murar láimhseáladh a gcomhaid doiciméad ar na cúiseanna atá luaite san fhógra seo.
- (e) Ní hionann duine a bheith ar phainéal agus aon cheart a bheith aige ar phost ná ráthaíocht a bheith aige go bhfaighidh sé post.

5. COMHDHEISEANNA AGUS SOCRUITHE RÉASÚNTA

- (a) Déanann EPSO a dhícheall a chinntiú go bhfuil comhdheiseanna ag na hiarrthóirí uile.
- (b) Iarrthóirí atá faoi mhíchumas nó a bhféadfadh an riocht sláinte ina bhfuil siad bac a chur orthu na trialacha a dhéanamh, ba cheart dóibh an méid sin a lua ar an bhfoirm iarratais agus na céimeanna a leanúint chun socrúithe réasúnta a iarraidh, de réir an chur síos ar shuíomh gréasáin EPSO ⁽⁶⁾. Tar éis do EPSO iarraidh na n-iarrthóirí agus na doiciméid tacaíochta ábhartha a scrúdú, féadfaidh sé socrúithe réasúnta a thabhairt má mheastar go bhfuil gá leis.

6. FAISNÉIS FAOI ÁIT FOSTAÍOCHTA TRÁTH NA hEARCAÍOCHTA I LUCSAMBURG AGUS FAOI AISTRITHE

- (a) Iarrthóirí a n-éireoidh leo agus atá ar phainéal, earcófar iad mar oifigigh ar promhadh, i bpoist atá lonnaithe i Lucsamburg.
- (b) Foráiltear le hAirteagal 29(1)(a)(i) agus (b) de na Rialacháin Foirne go bhféadfaidh oifigigh, tráth ar bith le linn a ngairme, iarratas a dhéanamh ar aistriú laistigh den institiúid nó den ghníomhaireacht chéanna de chuid an Aontais nó chuig institiúid nó gníomhaireacht eile de chuid an Aontais.
- (c) Mar sin féin, ba cheart d'iarrthóirí an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara, ar mhaithe leis an tseirbhís:
- (i) le linn na chéad 3 bliana seirbhíse tar éis d'oifigeach dul i mbun oibre mar oifigeach ar promhadh, ní fhéadfar aistriú chuig institiúid nó gníomhaireacht eile de chuid an Aontais nach mbaineann athrú ar an áit fostaíochta leis ach amháin i gcásanna eisceachtúla cuí-réasúnaithe;
 - (ii) le linn na chéad 4 bliana seirbhíse tar éis d'oifigeach dul i mbun oibre mar oifigeach ar promhadh, ní fhéadfar aistriú laistigh den institiúid nó gníomhaireacht chéanna de chuid an Aontais nó chuig institiúid nó gníomhaireacht eile de chuid an Aontais a mbaineann athrú ar an áit fostaíochta leis ach amháin i gcásanna eisceachtúla cuí-réasúnaithe.
- (d) Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go mbeidh aon aistriú den sórt sin idir institiúidí nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais ag brath ar chomhaontú ó institiúid nó gníomhaireacht bhunaidh an oifigigh agus ón institiúid nó ón ngníomhaireacht ar mian leis aistriú chuici.
- (e) Chun gur féidir le hoifigigh nua-earcaithe a gcuid dualgas a chomhlíonadh faoi na dálaí is fearr is féidir, ní mór an deis a thabhairt dóibh imeascadh chomh héifeachtach agus is féidir i gcultúr agus i dtimpeallacht oibre na háite fostaíochta agus san institiúid nó gníomhaireacht de chuid an Aontais a earcaíonn iad.
- (f) Thairis sin, infheistíonn na hinstitiúidí nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais a earcaíonn iad acmhainní in ionduchtú agus oiliúint na n-oifigeach nua agus chun cuidiú leo imeascadh san ionad oibre agus san áit fostaíochta araon. Dá bhrí sin is gá leibhéal áirithe leanúnachais agus intuathachta a chinntiú maidir le líonadh post trí cheangal a chur ar oifigigh nua-earcaithe íostréimhse seirbhíse a chur i gcrích san institiúid nó sa ghníomhaireacht earcaíochta de chuid an Aontais agus ina n-áit fostaíochta.

⁽⁶⁾ <https://eu-careers.europa.eu/ga/how-request-specific-adjustments-selection-tests>.

IARSCRÍBHINN I

RIALACHA GINEARÁLTA

1. **Bunfhorálacha**

- (1) Tá feidhm ag forálacha na rialacha ginearálta seo mura sonraítear a mhalairt san fhógra comórtais.
- (2) Tugtar eolas d'iarrthóirí ina gcuntas iarrthóra nach mór plé leis laistigh de thréimhsí áirithe. Ba cheart dóibh a gcuntas iarrthóra a sheiceáil gach 3 lá féilire ar a laghad ionas gur féidir leo an dul chun cinn atá á dhéanamh acu sa chomórtas a leanúint agus ionas nach gcaillfidh siad aon sprioc-am.
Más rud é nach féidir le hiarrthóir a chuntas iarrthóra a sheiceáil mar gheall ar fhadhb theicniúil ó thaobh EPSO, ní mór dó EPSO a chur ar an eolas faoi sin láithreach tríd an bhfoirm theagmhála ar líne ⁽¹⁾.
- (3) Má bhíonn roinnt iarrthóirí ar comhscór agus gan ach áit amháin fágtha ag aon chéim den chomórtas, rachaidh gach duine acu ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den chomórtas. Má bhíonn roinnt iarrthóirí ar comhscór agus gan ach áit amháin ar phainéal fágtha, cuirfear gach duine acu ar an bpainéal sin.
- (4) Aon iarrthóir a athligfear isteach tar éis iarraidh, gearán nó achomharc ar éirigh leis, déanfar é (a) a chur ar ais sa chomórtas ag an gcéim ónar eisiadh é, nó (b) a chur ar an bpainéal, de réir mar is infheidhme.
- (5) Nuair a chuirfidh EPSO teachtaireacht chuig iarrthóir tríd an gcuntas iarrthóra nó le ríomhphost, beidh an teachtaireacht sin i gceann de na teangacha ar dhearbhaigh an t-iarrthóir go raibh eolas ar leibhéal B2 nó níos airde ⁽²⁾ aige orthu sa réimse 'Cumas léitheoireachta' sa roinn 'Teangacha' ar an bhfoirm iarratais (féach freisin Roinn 2.1 de na rialacha ginearálta seo).
- (6) Is féidir le hiarrthóirí dul i dteagmháil le EPSO tríd an bhfoirm theagmhála ar líne ar shuíomh gréasáin EPSO ⁽³⁾. Roimh dhul i dteagmháil le EPSO dóibh, iarrtar ar iarrthóirí roinn na 'gceisteanna coitianta' ar shuíomh gréasáin EPSO ⁽⁴⁾ a cheadú.
- (7) Forchoimeádaí EPSO an ceart deireadh a chur le haon chomhfhreagras atá míchuí (i.e. comhfhreagras atá liodánach, maslach, agus/nó nach mbaineann le hábhar).

2. **Oideachas ⁽⁵⁾, taithí ⁽⁶⁾, doiciméid tacaíochta**2.1. *An roinn 'My CV' den chuntas iarrthóra*

Sula gcuirfidh siad isteach ar chomórtas ní mór d'iarrthóirí an roinn 'My CV' dá gcuntas iarrthóra a líonadh isteach. Agus é ag déanamh iarratais ar chomórtas sonrach, ní gá d'iarrthóir an t-eolas ó 'My CV' a ath-iontráil san fhoirm iarratas. Beidh roghbhliúire de na sonraí ón roinn 'My CV' ceangailte go huathoibríoch lena fhoirm iarratais a luaithe a chuirfidh an t-iarrthóir a iarratas isteach. Is faoi na hiarrthóirí atá sé deimhin a dhéanamh de go mbeidh 'My CV' cothrom le dáta an tráth sin.

2.2. *Oideachas*

- (1) Ní mór céimeanna, dioplómaí agus/nó teastais a bheith aitheanta ag údarás inniúil de chuid Bhallstáit den Aontas Eorpach, cibé acu i dtír den Aontas Eorpach nó i dtír lasmuigh de a eisíodh iad.
- (2) Na difríochtaí idir córais oideachais náisiúnta, go háirithe na difríochtaí idir na teidil a thugtar ar chéimeanna, ar dhioplómaí agus ar theastais, cuirfear san áireamh iad agus measúnú féachaint á dhéanamh an bhfuil na cáilíochtaí is gá de réir an fhógra comórtais ag na hiarrthóirí.

2.3. *Taithí oibre*

- (1) Ní féidir taithí oibre a chur san áireamh ach amháin má chomhlíonann sí na coinníollacha ginearálta seo a leanas:
 - (a) ní mór an taithí a bheith faighte tar éis don iarrthóir an cháilíocht oideachais íosta atá sonraithe san fhógra comórtais a bhaint amach;
 - (b) ní mór fíorobair éifeachtach a bheith inti;

⁽¹⁾ <https://eu-careers.europa.eu/ga/contact-us>.

⁽²⁾ <https://eu-careers.europa.eu/ga/documents/common-european-framework-reference-languages>.

⁽³⁾ <https://eu-careers.europa.eu/ga/contact-us>.

⁽⁴⁾ <https://eu-careers.europa.eu/ga/epso-faqs-by-category>.

⁽⁵⁾ Chun críocha an chomórtais seo, úsáidtear na téarmaí 'oideachas' agus 'cáilíochtaí oideachais' go hidirmhalartach.

⁽⁶⁾ Chun críocha an chomórtais seo, úsáidtear na téarmaí 'taithí', 'taithí ghairmiúil' agus 'taithí oibre' go hidirmhalartach.

- (c) ní mór pá a bheith ag dul léi;
 - (d) ní mór caidreamh gairmiúil a bheith ag baint léi, i.e. an t-iarrthóir a bheith laistigh de struchtúr eagraíochtúil nó é a bheith ag soláthar seirbhíse;
 - (e) ní mór í a bheith i gcomhréir leis na critéir maidir le hábharthacht atá sonraithe san fhógra comórtais. Mura féidir a mheas go bhfuil na cúraimí uile a rinneadh le linn tréimhse áirithe taithí oibre ábhartha, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas:
 - (i) más rud é go bhfuil níos mó ná 75 % de na cúraimí ábhartha, measfar gur taithí ábhartha an tréimhse iomlán taithí oibre;
 - (ii) más rud é go bhfuil níos mó ná 50 % ach níos lú ná 75 %, nó líon cothrom leis sin, de na cúraimí ábhartha, cuirfear an tréimhse taithí oibre atá i gceist san áireamh ar ráta 75 %;
 - (iii) más rud é go bhfuil 25-50 % de na cúraimí ábhartha, cuirfear an tréimhse taithí oibre atá i gceist san áireamh ar ráta 50 %;
 - (iv) más rud é go bhfuil níos lú ná 25 % de na cúraimí ábhartha, ní cuirfear an tréimhse taithí oibre san áireamh.
- (2) Measfar an taithí oibre atá sa liosta thíos ar bhonn rialacha sonracha chomh maith, lena n-áirítear díolúintí áirithe ó na riachtanais dá dtagraítear i mír (1) thuas:
- (a) i gcás **obair dheonach**, tuigfear gur 'pá' í aon ranníocaíocht a fuarthas, aisíocaíocht costas agus cumhdach árachais san áireamh. Thairis sin, ní mór uaireanta seachtainiúla oibre agus fad ama seachtainiúil oibre ar aon dul le gnáth-phost a bheith i gceist i gcás obair dheonach;
 - (b) i gcás tréimhsí oiliúna, is éard a mheasfar a bheith i gceist le 'pá' aon ranníocaíocht a fuarthas, aisíocaíocht costas agus cumhdach árachais san áireamh. **Tréimhse oiliúna éigeantach atá ina cuid de chlár staidéir**, féadfar í a chur san áireamh ar choinníoll (i) gur tugadh faoin tréimhse oiliúna tar éis an cháilíocht oideachais íosta atá sonraithe san fhógra comórtais a bhaint amach, agus (ii) go bhfuil pá ag dul leis an tréimhse oiliúna;
 - (c) **tréimhse oiliúna éigeantach** atá ina cuid de chlár chun clárú le comhlachas gairmiúil chun **an ceart chun gairm a chleachtadh** a bhaint amach (mar shampla, cead ballraíochta i gcomhlachas bharr na ndlíodóirí a bhaint amach), nó atá ina réamhchoinníoll le clárú den chineál sin, féadfar í a chur san áireamh cibé acu a bhí pá ag dul leis an obair nó nach raibh. I gcás nach raibh pá ag dul leis an obair, áfach, ní féadfar an tréimhse oiliúna a chur san áireamh ach amháin ar choinníoll gur cuireadh an clár i gcrích go rathúil agus go bhfuarthas an ceart chun an ghairm a chleachtadh. I ngach cás, is í an íostréimhse éigeantach amháin a chuirfear san áireamh;
 - (d) **seirbhís mhíleata éigeantach** a rinneadh sula bhfuair an t-iarrthóir an cháilíocht oideachais íosta atá sonraithe san fhógra comórtais nó tar éis dó an cháilíocht sin a fháil, cuirfear san áireamh í fiú mura gcomhlíonann sí na critéir ábharthachta atá sainithe san fhógra comórtais, ach tréimhse nach faide ná an fad éigeantach sa Bhallstát lena mbaineann amháin a bheith i gceist;
 - (e) féadfar **saoire mháithreachais, atharthachta, altramais nó tuismitheora** a chur san áireamh ar choinníoll gur cumhdaíodh le conradh oibre í;
 - (f) i gcás **staidéir dhochtúireachta**, ní bheidh fad na tréimhse a chuirfear san áireamh os cionn 3 bliana, ar choinníoll gur baineadh an chéim dhochtúireachta amach, agus cibé acu a bhí pá ag dul leis an obair nó nach raibh;
 - (g) i gcásanna obair pháirtaimseartha, ríomhfar an tréimhse a chuirfear san áireamh ar bhonn *pro rata*, e.g. áireofar 3 mhí i gcás obair ar leath-am le linn 6 mhí.

2.4. Doiciméid tacaíochta

- (1) Na doiciméid tacaíochta a thacaíonn leis na dearbhuithe a rinne iarrthóirí ina bhfoirm iarratais, ní mór do na hiarrthóirí cóipeanna díobh a uaslódáil chuig a gcuntas iarrthóra (féach freisin Roinn 2.1 de na rialacha ginearálta seo). Caithfidh siad sin a dhéanamh faoin dáta atá leagtha síos san fhógra comórtais, nó, mura bhfuil dáta leagtha síos san fhógra, faoin dáta atá curtha in iúl ag EPSO.
- (2) Mura gcuirfear doiciméad/doiciméid tacaíochta ar fáil faoin dáta atá luaite thuas, is féidir go measfar go bhfuil an t-iarrthóir neamh-incháilithe nó is féidir nach gcuirfear a cháilíochtaí oideachais sonracha nó a thaithí shonrach san áireamh.
- (3) Ag aon chéim den phróiseas, féadfar a iarraidh ar iarrthóirí eolas breise nó doiciméid bhreise a chur ar fáil.

- (4) Ar na doiciméid a bheidh ar iarrthóirí a uaslódáil, beidh cóip dá gcárta aitheantais nó dá bpas, agus ní mór an doiciméad sin a bheith bailí ar an dáta deiridh is féidir iarratas a chur isteach. Beidh ar iarrthóirí an bundoiciméad, i.e. an cárta aitheantais féin nó an pas féin, a thaispeáint nuair a iarrfar sin orthu.
- (5) Chun cruthúnas a sholáthar i leith a gcáilíochtaí oideachais, beidh ar iarrthóirí na nithe seo a leanas a chur ar fáil:
 - (a) cóip dá ndioplóma/ndioplómaí agus/nó dá dteastas/dteastais lena bhfianaítear na cáilíochtaí oideachais is gá le bheith incháilithe don chomórtas (féach an roinn 'Na coinníollacha incháilitheachta' san fhógra comórtais). Mura bhfuil dioplóma oifigiúil ann, glacfar mar fhianaise leordhóthanach le ráiteas dámhachtana nó doiciméad atá comhionann leis lena ndeimhnítear gur cuireadh an clár i gcrích go rathúil agus gur bronnadh teideal, céim nó dioplóma;
 - (b) i gcás dioplómaí/teastais a eisíodh i dtír lasmuigh den Aontas Eorpach, ráiteas coibhéiseachta a d'eisigh údarás inniúil de chuid Bhallstáit den Aontas Eorpach;
 - (c) litir, teastas, nó fianaise atá comhionann leis sin ón institiúid oideachais lena bhfianaítear fad ama caighdeánach an chlár staidéir a críochnaíodh. Ní mór a léiriú san fhianaise sin an líon blianta is gá chun an clár a chríochnú, dá dtagraítear sa phointe sonracha den fhógra comórtais ar a mbeidh an t-iarrthóir ag brath chun a dheimhniú go bhfuil sé incháilithe don chomórtas.
- (6) Ní mór gach tréimhse taithí oibre a bheith cumhdaithe leis na bundoiciméid seo a leanas nó le cóipeanna deimhnithe díobh:
 - (a) doiciméid ó fhostóirí agus/nó ó iarfhostóirí: conradh/conarthaí fostaíochta ina bhfuil dátaí thús agus dheireadh na fostaíochta sonraithe agus/nó an chéad duillín pá agus an duillín pá deiridh. Ba cheart cineál agus leibhéal na ndualgas a rinne an t-iarrthóir a bheith sonraithe sna doiciméid sin mar aon le cur síos mionsonraithe ar na dualgais sin, agus ba cheart ceann litreach agus stampa an fhostóra a bheith orthu mar aon le hainm agus síniú an duine i gceannas;
 - (b) I gcás obair nach bhfuil tuarastal ag dul léi, e.g. féinfhostaíocht nó gairmeacha beatha liobrálacha: sonraisc nó foirmeacha ordaithe ina bhfuil an obair a rinneadh sonraithe, nó aon doiciméid tacaíochta oifigiúla eile ina bhfuil cineál agus tréimhse na ndualgas a rinneadh nó na seirbhísí a soláthraíodh sonraithe;
 - (c) i gcás saoraistritheoirí: doiciméid lena bhfianaítear na tréimhsí a d'oibrigh an t-iarrthóir agus an líon leathanach a d'aistrigh sé;
 - (d) i gcás saor-ateangairí: doiciméid lena bhfianaítear an líon laethanta a d'oibrigh an t-iarrthóir agus na teangacha a ndearna sé ateangaireacht go dtí iad agus uathu.

3. Ról an Bhoird Roghnúcháin

- (1) Is é bord roghnúcháin an chomórtais a dhéanann cinneadh maidir le deacracht na dtrialacha sa chomórtas agus a fhaomhann inneachar na dtrialacha sin, a dhéanann measúnú ar chomhlíontacht na n-iarrthóirí leis na coinníollacha sonracha incháilitheachta, a chuireann fiúntas na n-iarrthóirí i gcomparáid le chéile, agus a roghnaíonn na hiarrthóirí is fearr i bhfianaise na riachtanas atá leagtha amach san fhógra comórtais.
- (2) Coinnítear imeachtaí an bhoird roghnúcháin faoi rún.
- (3) Tugann EPSO áis don bhoird roghnúcháin i leith a chuid oibre.

4. Coinbhleacht leasa

- (1) Foilsítear ainmneacha chomhaltaí an bhoird roghnúcháin ar shuíomh gréasáin EPSO ⁽⁷⁾.
- (2) Ceanglaítear ar iarrthóirí, ar chomhaltaí an bhoird roghnúcháin, agus ar bhaill foirne EPSO a thugann áis le haghaidh eagrú comórtais faoi leith, aon choibhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a dhearbhu, go háirithe i gcás gaolta nó caidreamh oibre díreach. Aon staid a d'fhéadfadh a bheith ina choibhleacht leasa, ní mór don duine lena mbaineann í a dhearbhu le EPSO a luaithe agus a bheidh sé ar an eolas fúithi. Measfaidh EPSO gach cás leis féin agus déanfaidh sé aon bheart is iomchuí.
- (3) Chun a chinntiú go mbeidh an bord roghnúcháin neamhspleách, tá diantoirmeasc ar iarrthóirí agus ar aon duine nach bhfuil ar an mbord roghnúcháin iarracht a dhéanamh dul i dteagmháil le haon chomhalta den bhord roghnúcháin maidir le haon ábhar a bhaineann leis an gcomórtas nó le himeachtaí an bhoird roghnúcháin, ach amháin i gcásanna ina n-údaráítear a mhalairt go sainráite.
- (4) Aon iarrthóir ar mian leis a chás a chur faoi bhráid an bhoird roghnúcháin, ní mór dó sin a dhéanamh i scríbhinn agus an comhfhreagrás sin a chur chuig an mbord roghnúcháin trína gcuntas iarrthóra.
- (5) Aon sárú ar na rialacha thuasluaite, d'fhéadfaí gníomh araíonachta a chur ar bun in aghaidh comhalta den bhord roghnúcháin nó ball d'fhoireann EPSO i ngeall air, agus/nó d'fhéadfaí iarrthóir a dhícháiliú ón gcomórtas i ngeall air (féach Roinn 6).

⁽⁷⁾ <https://eu-careers.europa.eu/ga>.

5. Tástáil

- (1) Cuirfidh EPSO na hiarrthóirí ar an eolas faoi rialacha mionsonraithe na dtrialacha agus faoi aon sonraí agus teoracha riachtanacha ar a dhéanaí nuair a thabharfar cuireadh do na hiarrthóirí na trialacha a dhéanamh.
- (2) Ní mór d'iarrthóirí na trialacha a chur in áirithe de réir na dt teoracha a gheobhaidh siad ó EPSO, má iarrtar orthu sin a dhéanamh agus nuair a iarrfar orthu é. Bíonn teorainn leis na tréimhsí inar féidir an choinne agus na trialacha a dhéanamh.
- (3) Ní mór d'iarrthóirí gach beart is gá dá dtagraítear sna teoracha a eisíodh roimh na trialacha a dhéanamh, cuir i gcás bogearraí a shuiteáil, an sioncrónú/na sioncrónuithe riachtanacha a dhéanamh, triail nascachta a dhéanamh, triail ar réamhriachtanais theicniúla, seiceáil córas agus/nó triail bhréige a dhéanamh. Má chloítear leis na teoracha, beifear in ann ullmhacht thimpeallacht TF an iarrthóra agus comhoiriúnacht ghléas an iarrthóra don ardán tástála nó don fheidhmchlár a sheiceáil. Mura gcuirfear na céimeanna éigeantacha i gcrích, is féidir go gcuirfear cosc ar an iarrthóir na trialacha a dhéanamh agus cuirfear bac ar chumas sholáthraí reáchtála na dt rialacha aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar aon fhadhb theicniúil a bheidh ag an iarrthóir le linn na tástála.
- (4) I gcásanna nach gcuirfidh iarrthóir ceann nó cinn de na trialacha in áirithe, nó nach ndéanfaidh sé, nó nach gcríochnóidh sé, ceann nó cinn de na trialacha, measfar go bhfuil deireadh lena rannpháirtíocht sa chomórtas, ach amháin más féidir leis an iarrthóir a chruthú gur tosca nach raibh neart aige orthu, nó staid *force majeure*, faoi dheara dó gan an triail a chur in áirithe nó gan í a dhéanamh nó a chríochnú. Ba cheart don iarrthóir dul i dteagmháil le EPSO a luaithe is féidir, roimh an triail más féidir, agus ní mór dóibh an bonn cirt is gá a thabhairt, agus i gcás inarb infheidhme, cruthúnas go ndeachaigh siad i dteagmháil leis na seirbhísí tacaíochta teicniúla.
- (5) Mura gcloifear leis na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme i ndáil le tástáil atá sonraithe sna teoracha agus san eolas a cuireadh ar fáil d'iarrthóirí, ní mheasfar gur toisc é sin nach bhfuil neart ag an iarrthóir air ná gur cás *force majeure* é.
- (6) Iarrtar ar iarrthóirí freisin féachaint ar shuíomh gréasáin EPSO ⁽⁸⁾ chun cur amach níos fearr a fháil ar phróisis roghnúcháin EPSO, na ceanglais ghinearálta is infheidhme maidir le tástáil san áireamh.

6. Dícháiliú ón gcomórtas

- (1) Féadfar iarrthóirí a dhícháiliú ag céim ar bith den chomórtas ar aon cheann de na forais seo a leanas:
 - (a) níos mó ná cuntas iarrthóra amháin a chruthú;
 - (b) iarratas a dhéanamh trí roinnt cainéil éagsúla cé go raibh toirmeasc air sin de réir an fhógra comórtais;
 - (c) dearbhuithe bréagacha a dhéanamh nó dearbhuithe a dhéanamh nach raibh na doiciméid iomchuí ina dtaca leo;
 - (d) séitéireacht le linn na dt rialacha, taifeadadh na dt rialacha ar líne nó iarracht ar riar cothrom na dt rialacha a chúbláil, nó cur isteach ar shláine phróiseas an chomórtais ar aon bhealach eile;
 - (e) dul i dteagmháil, nó iarracht a dhéanamh dul i dteagmháil, le comhalta den bhord roghnúcháin ar dhóigh neamhúdaraithé;
 - (f) gan EPSO a chur ar an eolas faoi choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le comhalta den bhord roghnúcháin nó le ball foirne de EPSO;
 - (g) trialacha i scríbhinn nó trialacha praiticiúla a shíniú nó aon mharcáil shuaithinseach a dhéanamh orthu d'ainneoin treoir a bheith tugtha gan é sin a dhéanamh.
- (2) Is ceart d'iarrthóirí ar phost in institiúidí an Aontais Eorpaigh gníomhú go sár-ionraic iontaofa, i gcomhréir le hAirteagal 27, an chéad mhír, agus le hAirteagal 28(c) de na Rialacháin Foirne. I gcás calaoise nó iarracht ar chalaos, féadfaidh EPSO cinneadh a dhéanamh a dhearbhu go bhfuil an t-iarrthóir neamh-incháilithe ar feadh tréimhse ama teoranta do chomórtais a reáchtálfar ina dhiaidh sin.

7. Ábhair imní agus leigheasanna

7.1. Fadhbanna teicniúla agus eagraíochtúla

- (1) Má bhíonn mórfhadhb theicniúil nó eagraíochtúil ag iarrthóir ag aon chéim den phróiseas roghnúcháin, ba cheart dó é sin a chur in iúl do EPSO trína chuntas iarrthóra.
- (2) I gcás fadhbanna leis an gcuntas iarrthóra nó leis an bhfoirm iarratais, ní mór d'iarrthóirí dul i dteagmháil le EPSO láithreach bonn agus, ar aon nós, roimh an sprioc-am chun iarratais a chur isteach.

⁽⁸⁾ <https://eu-careers.europa.eu/ga>.

(3) **Má thagann fadhb chun cinn le linn na dtrialacha, ní mór don iarrthóir an dá rud seo a dhéanamh:**

- (a) an fhadhb a thuairisciú láithreach de réir na dtreoracha atá leagtha amach sa chuireadh/sna cuirí chun na trialach/na dtrialacha,

agus

- (b) laistigh de **3 lá féilire**, ón lá i ndiaidh an lae a rinne an t-iarrthóir an triail atá i gceist (agus an lá sin san áireamh), teagmháil a dhéanamh le EPSO tríd an gcuntas iarrthóra agus cur síos mionsonraithe a dhéanamh sa teachtaireacht sin ar an bhfadhb. Ba cheart don iarrthóir cruthúnas ar iarracht(aí) an fhadhb a réiteach a chur i gceangal freisin. Tá gá leis an gcruthúnas doiciméadach sin ionas go mbeidh EPSO in inmhe an cás a fhiosrú. Is féidir go mbeidh ceanglais agus treoracha breise a bhaineann le tuairisciú fadhbanna a tháinig chun cinn le linn na tástála sonraithe sna cuirí chun na dtrialacha.

Tá feidhm leis an oibleagáid EPSO a chur ar an eolas i ngach cás, fiú más rud é go ndearna soláthraí reáchtála na dtrialacha beart mar gheall ar an ngearán ón iarrthóir.

- (4) Gearáin a gheofar tar éis an sprioc-ama atá sonraithe sa phointe seo, measfar iad a bheith do-ghlactha.
- (5) Gearáin faoi shaincheistanna teicniúla a chuirfidh iarrthóirí nár thug faoi na céimeanna dá dtagraítear i Roinn 5(3), measfar iad a bheith do-inghlactha ach amháin más féidir leis an iarrthóir a chruthú gur tosca nach raibh neart ag an iarrthóir orthu, nó staid *force majeure*, faoi deara dó gan na céimeanna riachtanacha a chur i gcrích.
- (6) Éilimh a dhéanfar i gcomhthéacs gearán a bhfuil tagairt dóibh i Ranna 7.2.2 agus 7.3.1 ar bhonn fadhbanna teicniúla agus/nó eagraíochtúla a mhaítear a bhí ann agus nár tuairiscíodh de réir Roinn 7.1, a léitear in éineacht le Roinn 5, measfar iad a bheith do-inghlactha.

7.2. Nósanna imeachta um athbhreithniú inmheánach

7.2.1. Gearáin maidir le ceisteanna trialach ilrogha

- (1) Má mheasann iarrthóirí go bhfuil údar inchosanta acu lena chreidiúint gur chuir earráid i gceann amháin nó níos mó de na ceisteanna sa triail ceisteanna ilrogha isteach ar a gcumas freagra a thabhairt, féadfaidh siad athbhreithniú a iarraidh ar an gceist/na ceisteanna lena mbaineann.
- (2) Féadfaidh an bord roghnúcháin a chinneadh go 'neodrófar' an cheist/na ceisteanna ina bhfuil an earráid: cuirfear an cheist/na ceisteanna lena mbaineann ar ceal agus déanfar na pointí a bhí ag dul leis an gceist/na ceisteanna sin ar dtús a athdháileadh ar na ceisteanna eile sa triail. Ní dhéanfaidh athríomh na bpointí difear ach amháin do na hiarrthóirí a raibh an cheist/na ceisteanna lena mbaineann le freagairt acu. Ní thiocfaidh aon athrú dá thoradh sin ar mharcáil na dtrialacha mar atá leagtha amach sna ranna ábhartha den fhógra comórtais.
- (3) Chun gearáin maidir le ceist/ceisteanna trialach ilrogha a chur isteach, ba cheart don iarrthóir:
- (a) dul i dteagmháil le EPSO trína gcuntas iarrthóra laistigh de **3 lá féilire** (tréimhse arb é an chéad lá di é an lá tar éis an lae a rinne an t-iarrthóir an triail);
- (b) cur síos chomh cruinn agus is féidir a thabhairt ar an gceist/na ceisteanna lena mbaineann; agus
- (c) míniú a thabhairt ar nádúr na hearráide/na n-earráidí a bhfuiltear ag líomhain go raibh sí/siad ann.
- (4) Gearáin a chuirfear isteach tar éis an sprioc-ama agus gearáin gan cur síos soiléir ar an gceist/na ceisteanna is ábhar agóide agus/nó ar an earráid/na hearráidí a bhfuiltear ag líomhain go raibh sí/siad ann, ní chuirfear san áireamh iad. Go háirithe, gearáin nach luafar iontu ach saincheistanna aistriúcháin a bhfuiltear ag líomhain go raibh siad ann, gan an fhadhb a shonrú, ní chuirfear san áireamh iad.
- (5) Éilimh a dhéanfar i gcomhthéacs gearán dá dtagraítear i Roinn 7.3.1 ar bhonn fadhbanna a bhfuiltear ag líomhain go raibh siad sna ceisteanna ilrogha agus nár tuairiscíodh de réir Roinn 7.2.1, diúltófar iad.

7.2.2. Iarrataí ar athbhreithniú

- (1) Féadfaidh iarrthóirí athbhreithniú a iarraidh ar chinneadh a rinne an bord roghnúcháin, lenar socraíodh a dtorthaí, lenar cinneadh an féidir leo dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den chomórtas, nó lena ndearnadh difear ar bhealach eile dá stádas dlíthiúil mar iarrthóir.
- (2) Is é is cuspóir don nós imeachta um athbhreithniú a chur ar a chumas don bhord roghnúcháin an cinneadh is ábhar agóide a leasú i gcás ina mbeidh údar leis sin (mar shampla, botún sa mheasúnú). Sa nós imeachta um athbhreithniú, athbhreithneoidh an bord roghnúcháin an measúnú a rinne sé ar fhiúntais an iarrthóra agus déanfaidh sé a chonclúidí tosaigh a dheimhniú nó measúnú leasaithe a sholáthar.
- (3) Ní fhreagróidh an bord roghnúcháin aon argóintí dlíthiúla, bídis ag baint leis an measúnú is ábhar agóide nó ná bídis. Aon argóint arb argóint dhlíthiúil í agus aon éileamh a bhaineann le creat dlíthiúil an chomórtais, féadfar í/é a chur isteach i bhfoirm gearáin riaracháin (féach Roinn 7.3.1).

- (4) Féadfaidh iarrthóirí easaontú leis an measúnú a rinne an bord roghnúcháin maidir le conas a d'éirigh leo i gcomórtas nó lena gcáilíochtaí oideachais agus/nó lena dtaithí, ach ní chiallaíonn sin go ndearna an bord roghnúcháin earráid mheasúnaithe. Tá lamháil leathan roghnachais ag an mbord roghnúcháin agus breithiúnais ar fhiúntas á ndéanamh aige maidir le feidhmiú, cáilíochtaí oideachais, agus taithí na n-iarrthóirí.
- (5) **Ní féidir athbhreithniú a iarraidh i leith torthaí trialach ceisteanna ilrogha.**
- (6) Chun iarraidh ar athbhreithniú a chur isteach, ní mór don iarrthóir:
 - (a) dul i dteagmháil le EPSO tríd an gcuntas iarrthóra laistigh de thréimhse **5 lá féilire** (tréimhse arb é an chéad lá di é an lá tar éis lá foilsithe an chinnidh is ábhar agóide sa chuntas iarrthóra);
 - (b) an cinneadh ar mian leis an iarrthóir athbhreithniú a iarraidh ina leith a chur in iúl go soiléir mar aon leis an bhforas ar a n-iarrtar an t-athbhreithniú.
- (7) Gheobhaidh na hiarrthóirí admháil uathoibríoch lena chur in iúl go bhfuarthas an iarraidh. Déanfaidh an bord roghnúcháin scrúdú ar an iarraidh ar athbhreithniú agus cuirfidh sé a chinneadh in iúl don iarrthóir a luaithe is féidir.
- (8) Iarrataí ar athbhreithniú a gheofar tar éis an sprioc-ama atá luaite i bpointe (6)(a) thuas, measfar go bhfuil siad do-ghlactha agus ní dhéanfar scrúdú orthu, ach amháin más féidir leis an iarrthóir a chruthú gurbh ann do staid *force majeure*.

7.3. Modhanna eile athbhreithnithe

7.3.1. Gearáin riaracháin faoi Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne

- (1) Féadfaidh iarrthóirí gearán riaracháin a chur isteach i leith birt (cinneadh nó easnamh cinnidh) más rud é:
 - (a) go measann siad gur sáraíodh na rialacha lena rialaítear nósanna imeachta an chomórtais; agus
 - (b) go bhfuil an t-iarrthóir lena mbaineann thíos leis an mbeart a bhfuiltear ag déanamh gearáin ina leith, i.e. má dhéanann sé difear díreach láithreach dá stádas dlíthiúil mar iarrthóir (i.e. socraítear a thorthaí leis, cinntear an féidir leis dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den chomórtas, nó déantar difear ar bhealach eile dá stádas dlíthiúil mar iarrthóir).
- (2) Is féidir an gearán a dhéanamh i leith easnamh cinnidh i gcás ina bhfuil oibleagáid ann cinneadh a dhéanamh laistigh de sprioc-ama atá sonraithe sna Rialacháin Foirne.
- (3) Iarrthóirí a bhfuil iarraidh ar athbhreithniú curtha isteach acu (féach Roinn 7.2.2), ní mór dóibh fanacht go dtí go dtabharfar fógra dóibh faoin bhfreagra ar an iarraidh sin sula ndéana siad cinneadh gearán riaracháin a chur isteach nó a mhalairt. I gcásanna den chineál sin, bíonn tús leis an tréimhse chun gearán riaracháin a chur isteach an dáta a thugtar fógra faoi chinneadh an bhoird roghnúcháin maidir leis an iarraidh ar athbhreithniú.
- (4) Is é Stiúrthóir EPSO a dhéanann scrúdú ar ghearáin riaracháin, ag feidhmiú dó i gcáil údarais cheapacháin faoi Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne.
- (5) Is é is cuspóir don nós imeachta um ghearáin riaracháin, a fhíorú ar cloíodh le creat dlíthiúil an chomórtais. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara nach féidir le Stiúrthóir EPSO breithiúnas ar fhiúntas a rinne bord roghnúcháin a chur ar ceal agus nach bhfuil aon chumhacht dhlíthiúil aige substaint cinnidh ó bhord roghnúcháin a athrú. Má aimsíonn Stiúrthóir EPSO botún sa nós imeachta nó earráid fhollasach sa mheasúnú, cuirfear an cás ar ais chuig an mbord roghnúcháin le hathmheasúnú a dhéanamh air.
- (6) Chun gearán riaracháin a chur isteach, ba cheart don iarrthóir:
 - (a) dul i dteagmháil le EPSO trína chuntas iarrthóra faoin sprioc-ama atá leagtha amach in Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne, i.e. 3 mhí a áirítear (i) ón dáta a thugtar fógra maidir leis an gcinneadh a ndéantar gearán ina leith nó (ii) ón dáta ba cheart an cinneadh sin a dhéanamh;
agus
 - (b) an cinneadh nó an t-easnamh cinnidh ar mian leis an iarrthóir gearán a dhéanamh ina leith a chur in iúl mar aon leis an bhforas ar a bhfuil an gearán á dhéanamh.
- (7) Gearáin riaracháin a gheofar tar éis an sprioc-ama atá leagtha amach in Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne, measfar go bhfuil siad do-ghlactha.

7.3.2. Achomhairc bhreithiúnacha

- (1) Tá sé de cheart ag iarrthóirí achomharc breithiúnach a chur faoi bhráid na Cúirte Ginearálta, faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne.
- (2) Ní bheidh achomhairc bhreithiúnacha in aghaidh cinntí arna ndéanamh ag EPSO (seachas ag an mbord roghnúcháin) inghlactha os comhair na Cúirte Ginearálta murar bhain an t-iarrthóir leas mar ba chúí as réiteach an ghearáin riaracháin faoi Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne (féach Roinn 7.3.1 thuas).
- (3) Is féidir an t-eolas uile faoi achomhairc bhreithiúnacha a fháil ar shuíomh gréasáin na Cúirte Ginearálta ⁽⁹⁾.

7.3.3. Gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach

- (1) Is féidir le gach saoránach agus gach cónaitheoir de chuid an Aontais Eorpaigh gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach maidir le cásanna drochriaracháin.
- (2) Sula ndéana iarrthóirí gearán leis an Ombudsman, ní mór dóibh na leigheasanna inmheánacha uile a sholáthraíonn EPSO a bheith úsáidte acu cheana féin (féach Ranna 7.1 agus 7.2 thuas).
- (3) Gearáin a dhéantar leis an Ombudsman, níl aon éifeacht fionraí acu ar na sprioc-amanna atá leagtha síos chun iarrataí, gearáin ná achomhairc bhreithiúnacha dá dtagraítear sna rialacha seo a chur isteach.
- (4) Is féidir an t-eolas uile faoi ghearáin leis an Ombudsman a fháil ar an suíomh gréasáin tiomnaithe ⁽¹⁰⁾.

Deireadh IARSCRÍBHINN I. Cliceáil anseo chun filleadh ar an bpríomhthéacs

⁽⁹⁾ <https://curia.europa.eu/jcms/>.

⁽¹⁰⁾ <https://www.ombudsman.europa.eu/ga/home>.

IARSCRÍBHINN II

NA PRÍOMHDHUALGAIS

Léiríonn na dualgais a bhfuil achoimre orthu thíos den chuid is mó na dualgais sin a bhaineann de ghnáth le ról i mbainistiú sonraí agus in eolas ar shonraí i gcomhthéacsanna príobháideacha agus poiblí araon. Féadfar aon cheann de na dualgais atá liostaithe thíos a thabhairt do na hiarrthóirí a n-éireoidh leo, go haonarach nó in éineacht le chéile, de réir riachtanais na seirbhíse. Féadfar dualgais chomhchosúla nó dualgais ghaolmhara a shannadh más gá de réir riachtanais na seirbhíse.

1. Ailtireacht sonraí agus idir-inoibritheacht. Córais sonraí a dhearadh agus a struchtúrú chun idir-inoibritheacht agus comhlíonadh chaighdeán an Aontais a chinntiú:
 - (a) Ailtireachtaí tagartha: creataí a chur chun feidhme chun dearaí córas sonraí a chaighdeánú ar fud riaracháin phoiblí.
 - (b) Néal-ailtireachtaí IS-chumasaithe: ailtireachtaí sonraí a dhearadh lena ndéanfar seirbhísí clasaiceacha agus IS néaldúchasacha agus bonneagar inscálaithe a ghíaráil chun rochtain rianúil idir-inoibritheach ar shonraí agus próiseáil rianúil idir-inoibritheach sonraí ar fud timpeallachtaí dailte a chumasú.
 - (c) Idir-inoibritheacht shéimeantach: samhlacha agus ointeolaíochtaí coiteanna sonraí a shainaithint, a anailísiú agus a úsáid chun ionadaíocht agus malartú comhsheasmhach sonraí a chinntiú.
 - (d) Bloic thógála: comhpháirteanna in-athúsáidte a dhearadh agus a fhorbairt chun malartú sonraí slán, inscálaithe agus caighdeánaithe a éascú laistigh de spásanna sonraí agus tharstu.
2. Rialachas agus comhlíonadh sonraí. Creataí a bhunú chun rochtain ar shonraí, cáilíocht sonraí agus gnéithe eile den tírdhreach rialála a bhainistiú:
 - (a) Creataí rialachais agus comhlíontachta: anailís agus comhairle a sholáthar, ról, freagrachtaí agus próisis a shainiú chun a chinntiú go gcoifear le ceanglais dhlíthiúla, eiticíúla agus rialála ar fud na gníomhaíochtaí sonraí uile.
 - (b) Maoirseacht agus úinéireacht sonraí: próisis, ról agus freagrachtaí a shainiú maidir le bainistiú sonraí chun cuntasacht agus láimhseáil chuí sonraí a chinntiú.
 - (c) Bainistíocht cáilíochta sonraí: próisis cáilíochta sonraí a choincheapú chun ardcháilíocht sonraí a choinneáil ar bun.
 - (d) Comhlíonadh rialála: monatóireacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh rialacháin an Aontais amhail an Gníomh um Shonraí ⁽¹⁾, an Treoir maidir le Sonraí Oscailte ⁽²⁾, an Gníomh um Rialachas Sonraí ⁽³⁾, an Gníomh um an Intleacht Shaorga ⁽⁴⁾, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ⁽⁵⁾ agus an Rialachán maidir le Cosaint Sonraí d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais ⁽⁶⁾, agus ailíniú a dhéanamh leis na treoirlínte maidir le Spásanna Coiteanna Sonraí Eorpacha ⁽⁷⁾.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2023/2854 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 maidir le rialacha comhchuibhithe i dtaca le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Shonraí) (IO L, 2023/2854, 22.12.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2854/oj>).

⁽²⁾ Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1024/oj>).

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2022/868 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le rialachas sonraí Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) (IO L 152, 3.6.2022, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/868/oj>).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (An Gníomh um an Intleacht Shaorga) (IO L, 2024/1689, 12.7.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj>).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj>).

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj>).

⁽⁷⁾ <https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/library/staff-working-document-data-spaces>.

- (e) Measúnuithe aibíochta agus iniúchtaí: measúnuithe agus iniúchtaí a threorú nó cur leo i ngach réimse den rialachas sonraí.
 - (f) Páirt a ghlacadh i measúnú ar chumais sonraí institiúideacha agus ar threochláir straitéiseacha, mar shampla cleachtaí tagarmharcála, comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, agus anailísí ar bhearnaí chun tacú le feabhas leanúnach ar chleachtais bainistithe sonraí.
3. Beartais agus straitéis sonraí. Creataí straitéiseacha a fhorbairt chun beartais maidir le bainistiú agus úsáid sonraí ar fud na n-earnálacha a threorú:
- (a) Forbairt agus athbhreithniú beartas: anailísiú dlíthiúil agus comhairle dhlíthiúil a sholáthar i réimse na mbeartas sonraí, próisis a bhunú chun beartais a bhaineann le sonraí a chruthú, a athbhreithniú go tráthrialta agus a thabhairt cothrom le dáta chun oiriúnú do riachtanais rialála, theicneolaíocha agus eagraíochtúla atá ag teacht chun cinn.
 - (b) Tograí beartais agus reachtacha a dhréachtú lena rialaítear úsáid agus comhroinnt sonraí laistigh den Aontas agus idir an tAontas agus tríú tíortha.
 - (c) Dul i dteagmháil le saineolaithe tionscail, leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara eile chun léargais agus aiseolas a bhailiú chun bonn eolais a chur faoi chreataí beartais sonraí láidre agus éifeachtacha.
 - (d) Beartais maidir le comhroinnt sonraí: treoirlínte a chruthú maidir le comhroinnt sonraí, luachanna agus rialacháin an Aontais a urramú.
 - (e) Bainistiú saolré sonraí: beartais a bhunú maidir le cruthú, stóráil, coinneáil agus scriosadh sonraí chun sláine agus comhlíonadh sonraí a chinntiú.
 - (f) Ailíniú straitéiseach: straitéisí sonraí a ailíniú le cuspóirí uileghabhálacha an Aontais, amhail an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí agus Spásanna Coiteanna Sonraí Eorpacha a chruthú; cur le ceapadh straitéisí sonraí an Aontais amach anseo.
4. Innealtóireacht agus comhtháthú sonraí. Córais a thógáil agus a chothabháil chun sonraí a ionghabháil, faisnéis struchtúrtha nó leathstruchtúrtha, ábhar ilmheán, sonraí geospásúla, etc. a chlaohlú agus a scaipeadh:
- (a) Próisis ETL/ELT: próisis um asbhaint, claochlú agus lódáil a dhearadh agus a chur chun feidhme chun sonraí ó fhoinisí éagsúla a chomhtháthú.
 - (b) Comhtháthú API: Comhéadain Feidhmchláir a fhorbairt chun malartú rianúil sonraí idir córais a éascú.
 - (c) Sruthú sonraí fíor-ama: píblínte sonraí fíor-ama a dhearadh agus a bhainistiú chun gur féidir sonraí sruthaithe ó fhoinisí éagsúla a phróiseáil agus a chomhtháthú láithreach.
 - (d) Eagrú sonraí: uirlisí agus creataí a chur chun feidhme chun na próisis um chomhtháthú sonraí a uathobriú agus a rialú.
5. Stórasú sonraí agus ardáin sonraí. Stórais agus ardáin láraithe a bhunú chun sonraí a stóráil agus a anailísiú:
- (a) Réitigh thuairiscithe a fhorbairt: creataí agus uirlisí tuairiscithe a dhearadh agus a chur in úsáid lena gcumasaítear aighabháil éifeachtúil sonraí, léirshamhlú agus scaipeadh léargais ó ollstórtha sonraí agus ó ardáin sonraí.
 - (b) Dearadh ollstór sonraí/loch sonraí: réitigh stórála sonraí struchtúrtha a chruthú a bheidh barrfheabhsaithe le haghaidh cuardach agus tuairisciú anailíseach.
 - (c) Cur chun feidhme ollstór sonraí/loch sonraí: córais stórála inscálaithe a thógáil chun méideanna móra sonraí neamhstruchtúrtha agus leathstruchtúrtha a láimhseáil.
 - (d) Néal-aitireachtaí stórála sonraí agus ailtireachtaí hibrídeacha stórála sonraí: néalseirbhísí agus samhlacha hibrídeacha a ghiairíl chun réitigh stórála sonraí atá solúbtha agus inscálaithe a sholáthar.
 - (e) Mórshonraí agus mianadóireacht sonraí.

6. Faisnéis ghnó agus tuairisciú. Léargais inghníomhaithe a dhéanamh de shonraí trí anailísíocht agus léirshamlú:
 - (a) Deaiseanna a fhorbairt: deaiseanna idirghníomhacha a anailísiú, a shamhaltú agus a dhearadh chun príomhtháscairí feidhmíochta agus méadrachtaí a léirshamlú.
 - (b) Anailísíocht féinseirbhíse: úsáideoirí a chumhachtú chun anailísí *ad hoc* a dhéanamh agus tuarascálacha a ghiniúint go neamhspleách.
 - (c) Anailísíocht thuarthach: samhlacha staidrimh agus teicnící meaisínfhoghlama a chur i bhfeidhm chun treochtaí agus iompraíochtaí amach anseo a thuar.
 - (d) Uathobriú agus dáileadh tuarascálacha: sreabha oibre uathobrithe a dhearadh agus a chur chun feidhme chun tuarascálacha a ghiniúint, a sceidealú agus a dháileadh go slán ar pháirtithe leasmhara, lena gcinntítear rochtain thráthúil chomhsheasmhach ar léargais.
 - (e) Samhaltú matamaiticiúil agus anailísiú cainníochtúil ar shonraí.
7. Bainistiú máistirshonraí agus sonraí tagartha. Comhsheasmhacht agus cruinneas na sonraí gnó criticiúla a chinntiú ar fud na gcóras:
 - (a) Bainistiú máistirshonraí: córais a anailísiú, a shamhaltú agus a chur chun feidhme chun foinse aonair údarásach fírinne a chruthú do phríomheintitis ghnó.
 - (b) Bainistiú sonraí tagartha: cóid, aicmithe agus áirimh a úsáidtear ar fud na gcóras a chaighdeánú.
 - (c) Gluaiseanna gnó: sainmhínte caighdeánaithe a fhorbairt le haghaidh téarmaí gnó chun tuiscint chomhsheasmhach a chinntiú ar fud na heagraíochta.
 - (d) Comhchuibhiú sonraí: sainmhínte agus formáidí sonraí a ailíniú chun comhsheasmhacht a chinntiú ar fud córais agus feidhmchláir éagsúla.
 - (e) Cuimhní aistriúcháin agus teasárais ilteangacha: cuimhní aistriúcháin agus teasárais ilteangacha a bhainistiú agus a choinneáil ar bun mar fhoinsí tagartha údarásacha chun tacú le próisis aistriúcháin agus ateangaireachta atá comhsheasmhach agus cruinn.
8. Tacsanomaíocht sonraí agus bainistiú meiteashonraí. Sonraí a eagrú agus a chur i gcomhthéacs chun so-aimsitheacht, inrochtaineacht agus in-athúsáidteacht a fheabhsú:
 - (a) Catalógú meiteashonraí: stórais meiteashonraí a chruthú agus a choinneáil ar bun chun tuairisc a thabhairt ar shócmhainní sonraí.
 - (b) Rianú líníochta sonraí: córais a chur chun feidhme chun tionscnamh agus claochluithe sonraí a rianú ar feadh a saolré.
 - (c) Ointeolaíochtaí: coincheapú, comhtháthú agus cur chun feidhme réiteach ina n-úsáidtear sonraí (oscailte) nasctha agus teicneolaíochtaí séimeantacha, ointeolaíochtaí, caighdeáin mheiteashonraí, bunachair sonraí tagartha, teasárais agus tacsanomaíochtaí ilteangacha.
9. Bainistíocht cáilíochta sonraí. Cruinneas, iomláine agus iontaofacht na sonraí a chinntiú:
 - (a) Próifiliú sonraí: anailís a dhéanamh ar shonraí chun a struchtúr, a n-ábhar agus a gcáilíocht a thuiscint. Beartais, caighdeáin agus treoirlínte a chruthú maidir le sonraí staitistiúla a bhailíochtú agus a scaipeadh.
 - (b) Glanadh sonraí: earráidí nó neamhréireachtaí sna sonraí a shainaithint agus a cheartú.
 - (c) Monatóireacht ar cháilíocht: próisis a chur chun feidhme chun monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeáin cháilíochta sonraí agus iad a choinneáil ar bun.
 - (d) Próisis agus uirlisí: modhanna, uirlisí agus nósanna imeachta a shainiú, a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun sonraí a phróiseáil agus a léirmhíniú, lena mbaineann úsáid ardteicnící cainníochta chun críoch meastóireachta agus luachála.

10. Slándáil agus príobháideacht sonraí. Sonraí a chosaint ar rochtain neamhúdaraíthe agus comhlíonadh na rialachán príobháideachais a chinntiú:
 - (a) Rialú rochtana: sásraí a chur chun feidhme chun srian a chur le rochtain ar shonraí bunaithe ar róil agus ceadanna úsáideoirí.
 - (b) Criptiú sonraí: teicnící a chur i bhfeidhm chun rúndacht sonraí a chosaint le linn stórála agus tarchuir.
 - (c) Measúnuithe tionchair príobháideachais: meastóireachtaí a dhéanamh chun rioscaí príobháideachais a bhaineann le gníomhaíochtaí próiseála sonraí a shainaithint agus a mhaolú.
 - (d) Bainistiú sonraí tástála: modhanna a shainiú chun tacair sonraí anaithnidithe agus doiléire a ghiniúint chun úsáid shlán agus chomhlíontach sonraí i dtimpeallachtaí forbartha agus tástála a chinntiú.
11. Ardánailísiócht agus ullmhú sonraí le haghaidh IS. Sonraí struchtúrtha agus neamhstruchtúrtha a ullmhú le haghaidh meaisínfhoghlama agus feidhmchláir IS, agus samhlacha teanga móra san áireamh:
 - (a) Innealtóireacht gnéithe: gnéithe bríocha a dhéanamh de sonraí loma le haghaidh samhlacha meaisínfhoghlama.
 - (b) Lipéadú agus anótáil sonraí: lipéid a shannadh do sonraí chun oiliúint a chur ar shamhlacha foghlama faoi mhaoirseacht.
 - (c) Méadú sonraí: tacair sonraí a fheabhsú le pointí sonraí nó éagsúlachtaí breise chun stóinseacht na samhla a fheabhsú.
 - (d) Bainistiú sonraí le haghaidh samhlacha IS: tacair sonraí tástála anaithnidithe, ionadaíocha agus cothroma a chruthú agus a bhainistiú chun meastóireacht chruinn, neamhchlaonta agus shlán ar fheidhmíocht samhla IS i dtimpeallachtaí rialaithe a chinntiú.

Deireadh IARSCRÍBHINN II, cliceáil anseo chun filleadh ar an bpríomhthéacs

—

SAMPLAÍ D'ÍOSCHÁILÍOCHTAÍ

(Samplaí d'íoscháilíochtaí de réir an Bhallstáit agus de chuid na Ríochta Aontaithe agus de réir an ghráid, a fhreagraíonn, i bprionsabal, do na cinn a iarrtar sna fógraí faoi chomórtas)

Cliceáil anseo le haghaidh leagan soléite de na samplaí sin

TÍR	AST-SC 1 go AST-SC 6 AST 1 go AST 7	AST 3 go AST 11	AD 5 go AD 16	
	Oideachas meánscoile (lenar féidir leanúint ar aghaidh go dtí an t-oideachas iar-mheánscoile)	Oideachas iar-mheánscoile (cúrsa ardoideachais nach cúrsa ollscoile é nó cúrsa gearr ollscoile a mhair 2 bhliain ar a laghad)	Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 3 bliana ar a laghad)	Oideachas ar leibhéal ollscoile (4 bliana nó níos mó)
Belgique — België — Belgien	Certificat de l'enseignement secondaire supérieur (CESS)/Diploma secundair onderwijs Diplôme d'aptitude à accéder à l'enseignement supérieur (DAES)/Getuigschrift van hoger secundair onderwijs Diplôme d'enseignement professionnel/Getuigschrift van het beroepssecundair onderwijs	Candidature/Kandidaat Graduat/Gegradueerde Bachelor/Professioneel gerichte Bachelor	Bachelor académique (180 crédits) Academisch gerichte Bachelor (180 ECTS)	Licence/Licentiaat Master Diplôme d'études approfondies (DEA) Diplôme d'études spécialisées (DES) Diplôme d'études supérieures spécialisées (DESS) Gediplomeerde in de Voortgezette Studies (GVS) Gediplomeerde in de Gespecialiseerde Studies (GGS) Gediplomeerde in de Aanvullende Studies (GAS) Agrégation/Aggregaat Ingénieur industriel/Industrieel ingenieur Doctorat/Doctoraal diploma
България	Диплома за завършено средно образование	Специалист по ...		Диплома за висше образование Бакалавър Магистър
Česko	Vysvědčení o maturitní zkoušce	Vysvědčení o absolutoriu (Absolutorium) + diplomovaný specialista (DiS.)	Diplom o ukončení bakalářského studia (Bakalář)	Diplom o ukončení vysokoškolského studia Magistr Doktor

Tír	AST-SC 1 go AST-SC 6 AST 1 go AST 7	AST 3 go AST 11	AD 5 go AD 16	
	Oideachas meánscoile (lenar féidir leanúint ar aghaidh go dtí an t-oideachas iar-mheánscoile)	Oideachas iar-mheánscoile (cúrsa ardoideachais nach cúrsa ollscoile é nó cúrsa gearr ollscoile a mhair 2 bhliain ar a laghad)	Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 3 bliana ar a laghad)	Oideachas ar leibhéal ollscoile (4 bliana nó níos mó)
Danmark	Bevis for: Studentereksamen Højere Forberedelseeksamen (HF) Højere Handelseksamen (HHX) Højere Afgangseksamen (HA) Bac pro: Bevis for Højere Teknisk Eksamen (HTX)	Videregående uddannelser = Bevis for = Eksamensbevis som (erhvervsakademiuddannelse AK)	Bachelorgrad (BA eller BS) Professionsbachelorgrad Diplomingeniør	Kandidatgrad/Candidatus Master/Magistergrad (mag.art) Licenciatgrad ph.d.-grad
Deutschland	Abitur/Zeugnis der allgemeinen Hochschulreife Fachabitur/Zeugnis der Fachhochschulreife		Fachhochschulabschluss Bachelor	Hochschulabschluss/ Fachhochschulabschluss/Master Magister Artium/Magistra Artium Staatsexamen/Diplom Erstes Juristisches Staatsexamen Doktorgrad
Eesti	Gümnaasiumi lõputunnistus + riigieksamitunnistus Lõputunnistus kutsekeskhariduse omandamise kohta	Tunnistus keskhariduse baasil kutsekeskhariduse omandamise kohta	Bakalaureusekraad (min 120 ainepunkti) Bakalaureusekraad (< 160 ainepunkti)	Rakenduskõrghariduse diplom Bakalaureusekraad (160 ainepunkti) Magistrikraad Arstikraad Hambaarstikraad Loomaarstikraad Filosoofiadoktor Doktorikraad (120–160 ainepunkti)
Éire/Ireland	Ardteistiméireacht, Grád D3, I 5 ábhar/Leaving Certificate Grade D3 in 5 subjects Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT)/Leaving Certificate Vocational Programme (LCVP)	Teastas Náisiúnta/National Certificate Gnáthchéim bhaitsiléara/Ordinary bachelor degree Dioplóma náisiúnta (ND, Dip.)/National diploma (ND, Dip.) Ardteastas (120 ECTS)/Higher Certificate (120 ECTS)	Céim onóracha bhaitsiléara (3 bliana/180 ECTS) (BA, B.Sc, B.Eng)/Honours bachelor degree (3 years/180 ECTS) (BA, B.Sc, B.Eng)	Céim onóracha bhaitsiléara (4 bliana/240 ECTS)/Honours bachelor degree (4 years/240 ECTS) Céim ollscoile/University degree Céim mháistir (60-120 ECTS)/Master's degree (60-120 ECTS) Dochtúireacht/Doctorate

TÍR	AST-SC 1 go AST-SC 6 AST 1 go AST 7	AST 3 go AST 11	AD 5 go AD 16	
	Oideachas meánscoile (lenar féidir leanúint ar aghaidh go dtí an t-oideachas iar-mheánscoile)	Oideachas iar-mheánscoile (cúrsa ardoideachais nach cúrsa ollscoile é nó cúrsa gearr ollscoile a mhair 2 bhliain ar a laghad)	Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 3 bliana ar a laghad)	Oideachas ar leibhéal ollscoile (4 bliana nó níos mó)
Ελλάδα	Απολυτήριο Γενικού Λυκείου Απολυτήριο Κλασικού Λυκείου Απολυτήριο Τεχνικού Επαγγελματικού Λυκείου Απολυτήριο Ενιαίου Πολυκλαδικού Λυκείου Απολυτήριο Ενιαίου Λυκείου Απολυτήριο Τεχνολογικού Επαγγελματικού Εκπαιδευτηρίου	Δίπλωμα επαγγελματικής κατάρτισης (IEK)		Πτυχίο ΑΕΙ (πανεπιστημίου, πολυτεχνείου, ΤΕΙ) Μεταπτυχιακό Δίπλωμα Ειδικευσης (2ος κύκλος) Διδακτορικό Δίπλωμα (3ος κύκλος)
España	Bachillerato + Curso de Orientación Universitaria (COU) Bachillerato BUP Diploma de Técnico especialista	FP grado superior (Técnico superior)	Diplomado/Ingeniero técnico	Licenciatura Máster Ingeniero Título de Doctor
France	Baccalauréat Diplôme d'accès aux études universitaires (DAEU) Brevet de technicien	Diplôme d'études universitaires générales (DEUG) Brevet de technicien supérieur (BTS) Diplôme universitaire de technologie (DUT) Diplôme d'études universitaires scientifiques et techniques (DEUST)	Licence	Maîtrise Maîtrise des sciences et techniques (MST), maîtrise des sciences de gestion (MSG), diplôme d'études supérieures techniques (DEST), diplôme de recherche technologique (DRT), diplôme d'études supérieures spécialisées (DESS), diplôme d'études approfondies (DEA), master 1, master 2 professionnel, master 2 recherche Diplôme des grandes écoles Diplôme d'ingénieur Doctorat
Hrvatska	Svjedodžba o državnoj maturi Svjedodžba o završnom ispitu	Stručni pristupnik/pristupnica	Baccalaureus/Baccalaurea (sveučilišni prvostupnik/prvostupnica)	Baccalaureus/Baccalaurea (sveučilišni prvostupnik/prvostupnica) Stručni specijalist Magistar struke Magistar inženjer/magistrica inženjerka (mag. ing) Doktor struke Doktor umjetnosti

TÍR	AST-SC 1 go AST-SC 6 AST 1 go AST 7	AST 3 go AST 11	AD 5 go AD 16	
	Oideachas meánscoile (lenar féidir leanúint ar aghaidh go dtí an t-oideachas iar-mheánscoile)	Oideachas iar-mheánscoile (cúrsa ardoideachais nach cúrsa ollscoile é nó cúrsa gearr ollscoile a mhair 2 bhliain ar a laghad)	Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 3 bliana ar a laghad)	Oideachas ar leibhéal ollscoile (4 bliana nó níos mó)
Italia	Diploma di maturità (vecchio ordinamento) Perito ragioniere Diploma di superamento dell'esame di Stato conclusivo dei corsi di studio di istruzione secondaria superiore	Diploma universitario (DU) Certificato di specializzazione tecnica superiore Attestato di competenza (4 semestri)	Diploma di laurea – L (breve)	Diploma di laurea (DL) Laurea specialistica (LS) Master di I livello Dottorato di ricerca (DR)
Κύπρος	Απολυτήριο	Δίπλωμα = Programmes offered by Public/Private Schools of Higher Education (for the latter accreditation is compulsory) Higher Diploma		Πανεπιστημιακό Πτυχίο/Bachelor Master Doctorat
Latvija	Atestāts par vispārējo vidējo izglītību Diploms par profesionālo vidējo izglītību	Diploms par pirmā līmeņa profesionālo augstāko izglītību	Bakalaura diploms (min. 120 kredītpunktu)	Bakalaura diploms (160 kredītpunktu) Profesionālā bakalaura diploms Maģistra diploms Profesionālā maģistra diploms Doktora grāds
Lietuva	Brandos atestatas	Aukštojo mokslo diplomas Aukštesniojo mokslo diplomas	Profesinio bakalauro diplomas Aukštojo mokslo diplomas	Aukštojo mokslo diplomas Bakalauro diplomas Magistro diplomas Daktaro diplomas Meno licenciato diplomas
Luxembourg	Diplôme de fin d'études secondaires et techniques	BTS Brevet de maîtrise Brevet de technicien supérieur Diplôme de premier cycle universitaire (DPCU) Diplôme universitaire de technologie (DUT)	Bachelor Diplôme d'ingénieur technicien	Master Diplôme d'ingénieur industriel DESS en droit européen

TÍR	AST-SC 1 go AST-SC 6 AST 1 go AST 7	AST 3 go AST 11	AD 5 go AD 16	
	Oideachas meánscoile (lenar féidir leanúint ar aghaidh go dtí an t-oideachas iar-mheánscoile)	Oideachas iar-mheánscoile (cúrsa ardoideachais nach cúrsa ollscoile é nó cúrsa gearr ollscoile a mhair 2 bhliain ar a laghad)	Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 3 bliana ar a laghad)	Oideachas ar leibhéal ollscoile (4 bliana nó níos mó)
Magyarország	Gimnáziumi érettségi bizonyítvány Szakközépiskolai érettségi-képesítő bizonyítvány	Felsőfokú szakképesítést igazoló bizonyítvány (Higher Vocational Programme)	Főiskolai oklevél Alapfokozat (Bachelor degree 180 credits)	Egyetemi oklevél Alapfokozat (Bachelor degree 240 credits) Mesterfokozat (Master degree) (Osztatlan mesterképzés) Doktori fokozat
Malta	Advanced Matriculation or GCE Advanced level in 3 subjects (2 of them grade C or higher) Matriculation certificate (2 subjects at Advanced level and 4 at Intermediate level including Systems of Knowledge with overall grade A-C) + Passes in the Secondary Education Certificate examination at Grade 5 2 A Levels (passes A-C) + a number of subjects at Ordinary level, or equivalent	MCAST diplomas/certificates Higher National Diploma	Bachelor's degree	Bachelor's degree Master of Arts Doctorate
Nederland	Diploma VWO Diploma staatsexamen (2 diploma's) Diploma staatsexamen voorbereidend wetenschappelijk onderwijs (Diploma staatsexamen VWO) Diploma staatsexamen hoger algemeen voortgezet onderwijs (Diploma staatsexamen HAVO)	Kandidaatsexamen Associate degree (AD)	Bachelor (WO) HBO bachelor degree Baccalaureus of 'Ingenieur'	HBO/WO Master's degree Doctoraal examen/Doctoraat
Österreich	Matura/Reifeprüfung Reife- und Diplomprüfung Berufsreifeprüfung	Kollegdiplom/Akademiediplom	Fachhochschuldiplom/Bakkalaureus/ Bakkalaurea	Universitätsdiplom Fachhochschuldiplom Magister/Magistra Master Diplomprüfung, Diplom-Ingenieur Magisterprüfungszeugnis Rigorosenzeugnis Dokortitel

TÍR	AST-SC 1 go AST-SC 6 AST 1 go AST 7	AST 3 go AST 11	AD 5 go AD 16	
	Oideachas meánscoile (lenar féidir leanúint ar aghaidh go dtí an t-oideachas iar-mheánscoile)	Oideachas iar-mheánscoile (cúrsa ardoideachais nach cúrsa ollscoile é nó cúrsa gearr ollscoile a mhair 2 bhliain ar a laghad)	Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 3 bliana ar a laghad)	Oideachas ar leibhéal ollscoile (4 bliana nó níos mó)
Polska	Świadectwo dojrzałości Świadectwo ukończenia liceum ogólnokształcącego	Dyplom ukończenia kolegium nauczycielskiego Świadectwo ukończenia szkoły policealnej	Licencjat/Inżynier	Magister/Magister inżynier Dyplom doktora
Portugal	Diploma de Ensino Secundário Certificado de Habilitações do Ensino Secundário		Bacharel Licenciado	Licenciado Mestre Doutorado
România	Diplomă de bacalaureat	Diplomă de absolvire (colegiu universitar) Învățământ preuniversitar	Diplomă de licență	Diplomă de licență Diplomă de inginer Diplomă de urbanist Diplomă de master Certificat de atestare (studii academice postuniversitare) Diplomă de doctor
Slovenija	Maturitetno spričevalo (spričevalo o poklicni maturi) (spričevalo o zaključnem izpitu)	Diploma višje strokovne šole	Diploma o pridobljeni visoki strokovni izobrazbi	Univerzitetna diploma Magisterij Specializacija Doktorat
Slovensko	Vysvedčenie o maturitnej skúške	Absolventský diplom	Diplom o ukončení bakalárskeho štúdia (Bakalár)	Diplom o ukončení vysokoškolského štúdia Bakalár (Bc.) Magister Magister/Inžinier ArtD.
Suomi/Finland	Ylioppilastutkinto tai peruskoulu + kolmen vuoden ammatillinen koulutus – Studentexamen eller grundskola + treårig yrkesinriktad utbildning Todistus yhdistelmäopinnoista (Betyg över kombinationsstudier)	Ammatillinen opistoasteen tutkinto – Yrkesexamen på institutnivå	Kandidaatin tutkinto – Kandidatexamen/ Ammattikorkeakoulututkinto – Yrkehögskoleexamen (min. 120 opintoviikkoa – studieveckor)	Maisterin tutkinto – Magisterexamen/ Ammattikorkeakoulututkinto – Yrkehögskoleexamen (min. 160 opintoviikkoa – studieveckor) Tohtorin tutkinto (Doktorsexamen) joko 4 vuotta tai 2 vuotta lisensiaatin tutkinnon jälkeen – antingen 4 år eller 2 år efter licentiatexamen Lisensiaatti/Licentiat

Tír	AST-SC 1 go AST-SC 6 AST 1 go AST 7	AST 3 go AST 11	AD 5 go AD 16	
	Oideachas meánscoile (lenar féidir leanúint ar aghaidh go dtí an t-oideachas iar-mheánscoile)	Oideachas iar-mheánscoile (cúrsa ardoideachais nach cúrsa ollscoile é nó cúrsa gearr ollscoile a mhair 2 bhliain ar a laghad)	Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 3 bliana ar a laghad)	Oideachas ar leibhéal ollscoile (4 bliana nó níos mó)
Sverige	Slutbetyg från gymnasieskolan (3-årig gymnasial utbildning)	Högskoleexamen (80 poäng) Högskoleexamen, 2 år, 120 högskolepoäng Yrkeshögskoleexamen/Kvalificerad yrkeshögskoleexamen, 1–3 år	Kandidatexamen (akademisk examen omfattande minst 120 poäng, varav 60 poäng fördjupade studier i ett ämne + uppsats motsvarande 10 poäng) Meriter på grundnivå: Kandidatexamen, 3 år, 180 högskolepoäng (Bachelor)	Magisterexamen (akademisk examen omfattande minst 160 poäng, varav 80 poäng fördjupade studier i ett ämne + uppsats motsvarande 20 poäng eller två uppsatser motsvarande 10 poäng vardera) — Licentiatexamen — Doktorsexamen Meriter på avancerad nivå: — Magisterexamen, 1 år, 60 högskolepoäng — Masterexamen, 2 år, 120 högskolepoäng Meriter på forskarnivå: — Licentiatexamen, 2 år, 120 högskolepoäng — Doktorsexamen, 4 år, 240 högskolepoäng
United Kingdom	General Certificate of Education Advanced level — 2 passes or equivalent (grades A to E) BTEC National Diploma General National Vocational Qualification (GNVQ), advanced level Advanced Vocational Certificate of Education, A level (VCE A level)	Higher National Diploma/Certificate (BTEC)/SCOTVEC Diploma of Higher Education (DipHE) National Vocational Qualifications (NVQ) Scottish Vocational Qualifications (SVQ) level 4	(Honours) Bachelor degree NB: Master's degree in Scotland	Honours Bachelor degree Master's degree (MA, MB, MEng, MPhil, MSc) Doctorate
	NOTE: UK diplomas awarded in 2020 (until 31 December 2020) are accepted without an equivalence. UK diplomas awarded as from 1 January 2021 must be accompanied by an equivalence issued by a competent authority of an EU Member State.			

Deireadh IARSCRÍBHINN III. Cliceáil anseo chun filleadh ar an bpríomhthéacs